CEACHT 3

AN SORCAS



Pictiúr: Radharc:
An seomra suite, Seán, Máire, Micheál, Úna, Treasa ina suí ag féachaint ar an teilifís; banna ceoil, moncaí ag rothaíocht, Micheál agus é ag marcaíocht ar eilifint a chur sa chiorcal cainte de réir bhrí na cainte; an fear grinn ag caitheamh uisce leis an moncaí.
Céim 4: Bronntanas.
Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Bhí sorcas ar an teilifís. Bhí na páistí ag féachaint air. Bhí a gcairde in éineacht leo.

Agallamh
SEÁN: Éistigí! Nach bhfuil ceol an tsorcais go hálainn?
NA PÁISTÍ: Lig amach an moncaí chugainn!
MÁIRE: Ó féach ar an rothar anois é!

Cuntas Reatha
Dhoirt an fear grinn uisce ar an moncaí. Is beag nár bháigh sé é. Amach leis na heilifintí ansin.

Agallamh
MICHEÁL: Ba mhaith liom marcaíocht a fháil ar an eilifint mhór sin.
ÚNA: B'fhéidir go dtitfeá anuas de.
TREASA: Chuirfeadh an t-ainmhí ramhar sin eagla orm.

Cuntas Reatha
Bhí brón orthu nuair a bhí an sorcas thart.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:
Céard a bhí ar an teilifís?
Céard a bhí á dhéanamh ag na páistí?
Bhí páistí eile leo?

Tusa, a "Sheáin", céard a deir tú faoi cheol an tsorcais?
Abraigí le fear an tsorcais an moncaí a ligean amach.
Cá bhfuil an moncaí, a "Mháire"?

Céard a rinne an fear grinn?
Agus céard faoin moncaí bocht?
Tháinig ainmhithe eile amach ansin?

Céard ba mhaith leatsa a dhéanamh, a "Mhichíl"?
Céard is dóigh leat a tharlódh, a "Úna"?
Céard a dhéanfadh an t-ainmhí ramhar sin, a "Threasa"?

Is dócha go raibh áthas orthu nuair a bhí deireadh leis an sorcas?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. **Bhí** na páistí ag féachaint ar an teilifís.
   (inné; inniu; amárach; dá mbeadh an oíche ann; ní, an? **inné;** ní, an? **inniu;** ní, an? **gach lá.)**

2. Lig amach an moncaí **chugainn.**
   (tusa; eisean; ise).

3. Is beag **nár bháigh** sé é.
   (maraigh; bris; gortaigh; abair; faigh; déan).
   Cleachtadh a thabhairt ar **"Is beag nár (nach)** ..... i gcomhthéacsanna eile.

4. Chuirfeadh an **t-ainmhí ramhar sin eagla** orm.
   (peata tinn/brón; bronntanas álainn/áthas; duine dána/fearg; cáca milis/ocras; lá te/tart).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Dráma a bhunú ar an sorcas. Mím a úsáid.

2. Páistí éagsúla ón rang ag insint faoi chleasa a chonaic siad féin ag an sorcas. Ceisteanna ó pháistí eile.

3. Cuntais ó pháistí ar chláir theilifíse eile a chonaic siad.

4. Thit an moncaí den rothar. An scéal a insint.

5. Agallamh idir na páistí agus an fear grinn.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

Curfá
Sorcas ar an teilifís, an teilifís, an teilifís,
Sorcas ar an teilifís, spórt is scléip is ceol.

I

Cuid mhaith daoine ag an sorcas, páistí beag' is mór'
Moncaí beag ar rothar, fear grinn sa tóir.

II

Eilifint sa sorcas, cailín ar a dhroim,
Banna ceoil ag seinm, nach é atá go binn?

COMHRÁ MÍFHOIRMIÚIL

A
An raibh tú ag sorcas riamh?
Cá raibh sé ar siúl?
Cé mhéad a bhí ar dhul isteach?
Cén t-am ar thosaigh an sorcas?
Céard a rinne (a) an fear grinn; (b) an eilifint; (c) na moncaithe?
An raibh leoin agus tíogair ann?
Ar thaitin sé go mór leat?
Cén t-am a raibh sé thart?

B
Druileanna a dhéanamh ar na briathra seo a leanas san Aimsir Chaite, san Aimsir Fháistineach agus san Aimsir Ghnáthláithreach:

Nigh, Triomaigh.

Ar **nigh** tú tú féin ar maidin?
Céard a **dhéanfaidh** tú sa seomra folctha maidin amárach?
Céard a **dhéanann** tú sa seomra folctha gach maidin?
Céard a **rinne** tú leis an tuáille?
Céard a **dhéanfaidh** tú leis an tuáille amárach?
Céard a **dhéanann** tú leis an tuáille gach lá?